Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Towards a better future: research on labour market needs and social exclusion of one parent families in Galway city and county

Title	Towards a better future: research on labour market needs and social exclusion of one parent families in Galway city and county
Author(s)	Bradley, Ciara;Canavan, John;Donegan, Michaela;Rau, Henrike;Coen, Liam;Millar, Michelle
Publication Date	2007
Publisher	Child and Family Research Centre, NUI Galway

I dTreo Todhchaí Níos Fearr: Taighde ar riachtanais an mhargaidh fostaíochta agus Eisiamh Sóisialta i dTeaghlaigh Aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe

Arna chur le chéile ag:

An tIonad Taighde um Leanaí agus Teaghlaigh

OÉ Gaillimh

Foireann an Tionscadail

An Dr Michelle Millar, Liam Coen, An Dr Henrike Rau, Michaela Donegan, An Dr John Canavan agus Ciara Bradley

Thar ceann

An Grúpa Stiúrtha um Thaighde ar Theaghlaigh Aontuismitheora

1. Réamhrá

De bhrí nach bhfuil mórán eolas cruinn agus cothrom le dáta le fáil faoi theaghlaigh aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, léirigh grúpa de sholáthraithe áitiúla seirbhíse gur bhain tábhacht le heolas bonnlíne a bhailiú faoi shaol na dteaghlach aontuismitheora. Socraíodh ROPE a thabhairt ar an ngrúpa seo[1]. Choimisiúnaigh ROPE tionscadal taighde chun buneolas a fháil faoi leibhéal rannpháirtíochta tuismitheoirí aonair sa mhargadh fostaíochta, san am atá caite agus faoi láthair, agus a dtaithí siúd ar an bpróiseas seo. Dhírigh an taighde seo go háirithe ar na bacainní rannpháirtíochta a bhain le hoideachas, oiliúint nó glacadh le fostaíocht agus na bacainní atá ann do dhaoine atá rannpháirteach. Chomh maith leis sin, bhí sé mar aidhm ag an taighde eolas a fháil faoi na fachtóirí éascaíochta seo a chuidigh/a chuideodh le tuismitheoirí aonair a bheith rannpháirteach sa mhargadh fostaíochta agus in oideachas ar bhealach a fheabhsódh an saol atá acu féin agus a leanaí.

Bhí roinn theoiriciúil agus eimpíreach sa staidéar. San áireamh sa roinn theoiriciúil den Staidéar ar Theaghlaigh Aontuismitheora bhí athbhreithniú fairsing litríochta a thiomsaigh an Dr Mary Murphy, OÉ Mhá Nuad. Dhírigh an roinn eimpíreach den staidéar ar lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse. Bailíodh na sonraí bunaithe ar straitéis ilmhodha a raibh na gnéithe seo a leanas ann a) suirbhé ceistneora d'fhaighteoirí Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, b) agallaimh leathstruchtúrtha do thuismitheoirí aonair i suímh áirithe agus c) sraith agallamh cáilíochtúil le gníomhaithe beartas a bhfuil baint acu le dearadh agus seachadadh seirbhísí do theaghlaigh aontuismitheora.

Rinneadh an taighde seo i gcomhthéacs mórathruithe beartas i ndáil le teaghlaigh aontuismitheora, go háirithe i dtéarmaí na mbacainní reatha a bhaineann le páirt a ghlacadh sa mhargadh fostaíochta agus / nó oiliúint. Tá an léargas is beaichte in Éirinn maidir leis na hathruithe atá i ndán le fáil i *bPlécháipéis an Rialtais: Proposals for Supporting Lone Parents*. Tugann na moltaí seo le fios go mbeidh leasú mór i gceist i dtacaíocht leasa shóisialaigh do thuismitheoirí aonair de dheasca athruithe beartais (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh (RGST), 2006). Is é an rud is tábhachtaí faoi seo, go n-áireoidh na moltaí seo coinníollacht san íocaíocht, agus síltear go mbeidh tuismitheoirí aonair atá ag fáil na híocaíochta páirteach sa mhargadh fostaíochta nuair a bheidh a leanaí ag teannadh leis an uasteorainn aoise d'íocaíocht an Liúntais Tuismitheora.

2. Príomhthorthaí Cheistneoir na dTeaghlach Aontuismitheora (CTA)

Bhí an CTA dírithe ar fhir agus ar mhná i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a bhí ag fáil an CTA nuair a rinneadh an staidéar seo (Feabhra 2007). Scríobhadh chuig 3,144 tuismitheoir ar tuismitheoirí aonair iad agus chomhlánaigh 676 (22%) de na rannpháirtithe an CTA agus sheol siad ar ais é. Scrúdaíodh raon leathan táscairí cáilíocht beatha agus dhírigh an suirbhé ar raon deiseanna agus bacainní meabhairbhraite i leith breisoideachais agus fostaíochta, mar a thuairiscigh freagróirí an tsuirbhé. Tugann torthaí an CTA léargas dúinn ar chomh casta is a bhíonn an saol ag teaghlaigh aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, agus léiríonn sé nach ionann faighteoirí Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus grúpa aonchineálach ach go bhfuil riachtanais, eispéiris agus straitéisí éagsúla acu chun déileáil leis an saol. Is iondúil go mbíonn difríocht le brath sna dálaí sóisialta agus geilleagracha agus bíonn tionchar acu seo ar cháilíocht beatha na dtuismitheoirí aonair agus na heispéiris atá acu ag cuardach agus ag dul i mbun breisoideachais, oiliúna nó fostaíochta le pá.

Ábhar imní do go leor de na freagróirí atá i gceist na himpleachtaí airgeadais agus an neamhdhiongbháilteacht fhéideartha gheilleagrach a bhaineann leis an aistriú ó Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus íocaíochtaí gaolmhara go fostaíocht le pá, oideachas nó oiliúint. Os a choinne sin, tugann an CTA léargas ar an tábhacht a bhaineann le líonraí tacaíochta sóisialta atá ar fáil do go leor tuismitheoirí (ach ní gach tuismitheoir), go háirithe i ndáil leis an tacaíocht tuismitheoireachta a thugann seantuismitheoirí agus baill eile den teaghlach. Tá ról tábhachtach ag rochtain agus soghluaisteacht i ndáil le fostaíocht, oideachas agus deiseanna oiliúna. Is anseo a fhaightear an léargas is fearr ar na difríochtaí tuaithe-uirbeacha. Is i gCathair na Gaillimhe agus sna bailte móra i gContae na Gaillimhe a bhíonn formhór na bpost, na seirbhísí agus na gclár oideachais bunaithe, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair teacht ar na seirbhísí agus áiseanna seo. I líon beag cásanna, deis a bhí san obair ón mbaile nó

1 Tá liosta de chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha le fáil in Aguisín.

sa cheantar áitiúil ioncam beag a shaothrú agus/nó teagmhálacha sóisialta a chruthú lasmuigh den teaghlach. É sin ráite, fachtóir tábhachtach in a lán cásanna ina bhfuil obair pháirtaimseartha ar fáil é tacaíocht ó bhaill den teaghlach le cúram leanaí.

Seo a leanas príomhthorthaí an CTA:

- Grúpa a mbaineann éagsúlacht dhéimeagrafach leis is ea na teaghlaigh aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe
- Máithreacha le leanaí formhór na dteaghlach aontuismitheora
- Tá ceann teaghlach aontuismitheora le fáil i ngach aoisghrúpa
- Léirigh 20% d'fhreagróirí CTA gur náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad
- Is mó an seans atá ann go mbeidh fadhbanna sláinte ag cur as do thuismitheoirí níos sine agus bíonn tionchar ag tuiscint na bhfreagróirí féin ar shláinte (ach ní an stádas tuairiscithe sláinte) ar an gcáilíocht bheatha
- Suíomh – an chathair nó an tuath. Tá tionchar suntasach ag suíomh ar an rochtain ar fhostaíocht, oideachas/oiliúint agus seirbhísí teaghlach aontuismitheora i gcás tuismitheoirí aonair
- I measc na bpríomhcheisteanna a chuireann isteach ar thuismitheoirí aonair tá neamhdhiongbháilteacht tithíochta, an costas a bhaineann le cóiríocht ar cíos agus spleáchas ar an earnáil phríobháideach cíosa
- Go ginearálta, soláthraíonn an teaghlach, go háirithe tuismitheoirí, tacaíocht ríthábhachtach tuismitheoireachta, ag cur ar chumas tuismitheoirí aonair filleadh ar an obair/oideachas/oiliúint
- I measc na bpríomhbhacainní fostaíochta/oideachais/oiliúna a d'aithin na rannpháirtithe bhí imní maidir le cúrsaí airgeadais; srianta tithíochta; ceisteanna cúram leanaí; infhaighteacht theoranta post/cúrsaí feiliúnacha; ceisteanna inrochtaineachta; agus deacrachtaí a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

3. Saol agus eispéireas Teaghlach Aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe

As an 676 freagróir a chomhlánaigh an ceistneoir, léirigh 235 toilteanas agallamh a dhéanamh. As an mbunachar sonraí seo roghnaíodh sampla de 60 chun agallamh a dhéanamh. Bhí cúlra agus eispéireas difriúil ag na daoine a roghnaíodh agus bhí siad bunaithe ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe. I measc an tsampla seo bhí tuismitheoirí atá ag obair, tuismitheoirí atá páirteach sa chóras oideachais, tuismitheoirí atá i mbun clár oiliúna, tuismitheoirí atá ag obair sa bhaile, tuismitheoirí nach bhfuil i bhfad in Éirinn agus tuismitheoirí ar de phobal an lucht siúil iad. Ón méid eolais a fhaightear ó thuismitheoirí aonair atá ag fáil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora (ÍTA), i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, i ndáil leis an saol agus na heispéiris atá acu, faightear léargas gruama ar an saol – saol lán le deacrachtaí agus dúshláin. É sin ráite, léirítear crógacht áirithe, nó díocas, chun saol sláintiúil teaghlaigh a chinntiú cé go mbíonn brú áirithe ag baint le saol an tuismitheora aonair, brú airgid go háirithe. Ní raibh deacracht ar bith ag na rannpháirtithe sa staidéar seo na bacainní a bhí le sárú acu ionas go mbeidís páirteach sa phobal a aithint, agus chomh maith leis sin, d'aithin siad na réitigh a bhí ar na bacainní seo.

Príomhthorthaí

- Cuid dháiríre de shaol tuismitheoirí aonair i gCathair agus i gContae na Gaillimhe é an bhochtaineacht agus ceann de na gnéithe is soiléire de na hagallaimh é an saol laethúil a bhainistiú ar ioncam íseal.
- Bhí taithí ag formhór na rannpháirtithe ar a bheith i bhfiacha agus theastaigh ó fhormhór na rannpháirtithe go mbeadh dóthain airgid acu.

- Is léir freisin gur ann d'eisiamh sóisialta bunaithe ar an srian atá ar dhaoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lasmuigh den bhaile.

- Cúis struis do go leor rannpháirtithe ba ea neamhdhiongbháilteacht tithíochta. Is iomaí deacracht a bhí ag daoine leis an Scéim Forlíonaidh Cíosa i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

- Cúis náire do go leor daoine é gur tuismitheoirí aonair iad. Tá bunús na náire athraithe, áfach, ó fhoras moráltacht ghnéis go cás ina mbreathnaítear ar thuismitheoirí den chineál seo mar dhaoine a mhaireann ar an Stát sa tsochaí trí chéile, agus daoine nach bhfuil meas acu ar an ról atá acu mar thuismitheoirí.

- Tá tionchar dáiríre ag bochtaineacht, neamhdhiongbháilteacht tithíochta agus náire ar fholláine tuismitheoirí, lena n-áirítear folláine coirp is intinne.

- Luadh gur bhain an-tábhacht le líonraí tacaíochta agus go hiondúil ba é teaghlach an tuismitheora a bhí ag soláthar na tacaíochta.

- Dúirt go leor de na tuismitheoirí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil níos mó eolais ag teastáil maidir le cearta, teidlíochtaí, déileáil leis an gcóras leasa shóisialaigh, roghanna oiliúna, oideachais nó fostaíochta a bheidh ann amach anseo.

- Mhothaigh a lán agallaithe freisin nach raibh a dóthain measa ar an ról mar thuismitheoir – tuismitheoir aonair – agus gur cheart go mbeadh níos mó measa ar an ról tuismitheoireachta atá acu.

4. Bacainní maidir le filleadh ar agus fanacht san oideachas/oiliúint agus fostaíocht

Tharraing rannpháirtithe aird ar cheisteanna áirithe a chruthaigh deacrachtaí dóibh filleadh ar, nó fanacht i bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint. I measc na nithe tábhachtacha a d'aithin tuismitheoirí i ndáil leis an gceist seo bhí an éifeacht a bheadh aige ar na leanaí dá mbeidís ag obair nó páirteach sa chóras oideachais, aois an linbh, ag mothú ciontach as an leanbh a fhágáil agus an cinéal cúram leanaí atá in úsáid. I measc na mbacainní eile ar fhilleadh agus fanacht in oideachas, oiliúint nó fostaíocht a d'aithin na rannpháirtithe bhí an leibhéal de thacaíocht teaghlaigh, scileanna bainistíochta ama agus an leibhéal féinmhuiníne. Go praiticiúil, tharraing rannpháirtithe aird ar na constaicí airgeadais agus fisiceacha, cuid acu a bhaineann le hoideachas agus oiliúint, nó fostaíocht, mar bhacainní freisin.

Tugann na cuntais ar na bacainní atá le sárú ag tuismitheoirí aonair maidir le rochtain a fháil ar oiliúint, oideachas agus fostaíocht léargas dúinn ar cheisteanna casta i ndáil le rochtain ar oiliúint, oideachas agus fostaíocht. I measc na bpríomhthosaíochtaí atá ag tuismitheoirí tá folláine a leanaí, agus an tionchar a bheadh ag dul i mbun cúrsa oiliúna nó oideachais nó glacadh le fostaíocht orthu. Dá ainneoin sin, labhair go leor daoine ar an bhfonn a bhí orthu dul i mbun fostaíochta, dul i mbun cúrsa oiliúna nó oideachais ar mhaithe lena dteaghlaigh agus a riachtanais. In ainneoin mothúcháin chiontachta, déanann na tuismitheoirí seo cur síos ar na tréaniarrachtaí a dhéanann siad teaghlach a chothabháil, clann a thógáil agus, i gcásanna áirithe, post lánaimseartha nó cúrsa lánaimseartha oideachais a dhéanamh. Is ann fós don iliomad bacainní chun deacrachtaí a chruthú i saol ilghnéitheach na ndaoine seo agus bac a chur orthu tabhairt faoi na rudaí is mian leo. Ní mór do thionscnaimh ar bith a fhorbrófar chun tuismitheoirí aonair a áireamh sa tsochaí, aitheantas a thabhairt do dhálaí den sórt sin mar aon le dul i ngleic leo.

Príomhthorthaí

- Is é an rud is tábhachtaí d'fhormhór na dtuimitheoirí seo folláine coirp is intinne a leanaí. Síleann na rannpháirtithe seo go mbaineann an-tábhacht leis an ról atá acu mar thuismitheoirí;

- I gcás na daoine atá páirteach i gcúrsa oideachais/oiliúna nó ag obair, tá bacainní suntasacha ann a chiallaíonn nach fusa an cineál saoil atá acu faoi láthair a chothabháil;

- Mothaíonn a lán tuismitheoirí ciontach faoi na leanaí a fhágáil nuair a théann siad amach ag obair nó amach ag freastal ar chúrsaí oiliúna agus oideachais. Cuirtear leis an mothú ciontachta seo mura mbíonn baill teaghlaigh agus cairde in ann aire a thabhairt do na leanaí. Tá buntáiste mór ag na daoine siúd a bhfuil a leithéid de líonraí acu;

- Cúis imní do thuismitheoirí nach bhfuil páirteach sa mhargadh fostaíochta nó i mbun cúrsaí oideachais/oiliúna le píosa fada anuas an easpa eolais agus scileanna a shíleann siad atá acu, mar aon leis an timpeallacht nua a bheidh siad páirteach inti;

- Ábhar buartha do thuismitheoirí aonair an tionchar a chruthaítear má chailltear sochar – nó más amhlaidh go bhféadfaí sochair a chailleadh – má théitear i mbun cúrsaí oideachais nó oiliúna. Is iondúil go gciallaíonn stádas airgeadais teaghlach den chineál seo nach mbaintear leas as deiseanna dul i mbun cúrsa oideachais;

- I gcás na ndaoine ar mian leo a bheith páirteach sa mhargadh fostaíochta, is iondúil go mbíonn deacrachtaí acu mar nach fusa teacht ar phoist a íocann go maith agus poist le huaireanta solúbtha oibre. Ábhar machnaimh do thuismitheoirí mar seo is ea cé go m'fhéidir nach mbeidh an oiread céanna airgid ag daoine, an mbeidh rogha acu am saor a thógáil gan mórán fógra a thabhairt;

- I measc na ngnéithe eile a chruthaíonn deacrachtaí do dhaoine atá ag cur fúthu faoin tuath tá easpa seirbhísí, mar aon le bacainní struchtúrtha eile cosúil le modhanna iompair. Cuireann an méid ama a chaitheann tuismitheoirí ag taisteal idir an baile agus an chathair – áit a bhfuil seirbhísí ar fáil – leis an méid struis a bhíonn ar thuismitheoirí agus uaireanta cuireann sé isteach ar leanaí freisin;

- Príomhbhacainn a luann a lán tuismitheoirí i ndáil le dul i mbun fostaíochta nó leas a bhaint as deiseanna oiliúna agus oideachais é cúram leanaí agus go háirithe cúram leanaí atá ar phraghas réasúnta, insroichte agus solúbtha;

- I gcás na dtuismitheoirí sin atá i mbun cúrsaí oideachais agus oiliúna, tá siad ag brath ar thacaíochtaí teaghlaigh chun a leithéid a dhéanamh;

- Dar le tuismitheoirí go mbaineann buntáistí éagsúla le bheith i mbun fostaíochta nó cúrsaí oiliúna/oideachais: aithne a chur ar níos mó daoine; sláine feabhsaithe airgid; níos mó measa ar an duine féin; níos mó féinmhuiníne; agus meon níos dearfaí – meon a imríonn tionchar dearfach ar thuismitheoirí agus ar leanaí.

5. Eispéiris ar ghníomhaireachtaí

Fiafraíodh de thuismitheoirí faoi na dearcaí atá acu ar na heagraíochtaí a mbíonn baint acu leo, agus na seirbhísí a úsáideann siad a chuireann a leithéid d'eagraíochtaí ar fáil. Thug tuismitheoirí le fios go raibh sé sách deacair déileáil le heagraíochtaí de bhrí go gceapann siad nach mbíonn fonn ar eagraíochtaí áirithe mórán eolais a thabhairt maidir le teidlíochtaí agus seirbhísí. Is cosúil go bhfuil an fhreagracht ar an duine féin eolas a fháil faoina bhfuil ar fáil dóibh. Measann tuismitheoirí go bhfuil na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le seirbhísí agus teidlíochtaí thar a bheith casta. Dúirt rannpháirtithe áirithe go raibh eispéireas dearfach acu le linn dóibh a bheith ag déileáil le soláthraithe seirbhíse sa réimse reachtúil. Thug formhór na rannpháirtithe le fios, áfach, go raibh deacrachtaí acu le linn dóibh a bheith ag déileáil le soláthraithe seirbhíse. Is féidir féachaint ar na deacrachtaí seo faoi thrí phríomhchatagóir: eispéiris le pearsanra an tsoláthraí seirbhíse: eispéiris le linn cuairt a thabhairt ar oifigí an tsoláthraí seirbhíse: easpa éifeachtachta agus comhsheasmhachta i ndáil le rialacha agus rialacháin a bhaineann le rialú sochar agus liúntas soláthraithe seirbhíse a chur i bhfeidhm. Is minic go mbíonn tionchar fadtréimhseach ag droch-eispéireas amháin le hionadaí ó eagraíocht amháin ar fhreagróirí, rud a chiallaíonn go mbíonn drogall orthu eolas a lorg ón eagraíocht sin arís.

Príomhthorthaí

- Ainneoin an méid eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do thuismitheoirí aonair, is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST), na hOifigigh Leasa Pobail (OLP), FÁS, agus na Comhairlí Cathrach agus Contae na heagraíochtaí is coitianta dá dtagraítear dóibh;

- Labhair a lán tuismitheoirí faoi eispéiris dhearfacha le OLP, idir thacaíochtaí forlíontacha, shochair agus chomhairle airgeadais;

- É sin ráite, áfach, labhair a lán tuismitheoirí ar eispéiris dhiúltacha le OLP. I measc na gcúiseanna a bhí leis na heispéiris dhiúltacha bhí droch-chaidreamh pearsanta, easpa íogaireachta i ndáil le riachtanais tuismitheoirí aonair, agus an drogall a bhí ar OLP áirithe eolas a roinnt maidir leis na sochair agus tacaíochtaí atá ar fáil;

- Labhair go leor de na tuismitheoirí a raibh baint éigin acu le FÁS go dearfach faoi na heispéiris a bhí acu, go háirithe na tuismitheoirí sin atá páirteach sa Scéim Fostaíochta Pobail (FP). Chuir an cur chuige duine le duine a bhí ag foireann na heagraíochta, mar aon leis na leibhéil dhifriúla cúrsaí, le heispéireas na ndaoine, rud a chur ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh ar luas a d'fheil dóibh féin, mar aon le suíomh sóisialta a chur ar fáil dóibh;

- Cúis aiféala do thuismitheoirí áirithe, áfach, ba ea an easpa tuisceana san eagraíocht ar dhálaí pearsanta na dtuismitheoirí, go háirithe maidir leis an gcumas a bhí acu glacadh le tairiscint fostaíochta dá mbeadh a leithéid ann;

- Cé go ndúirt tuismitheoirí áirithe gur thacaigh agus gur thug RGST eolas dóibh, ní raibh formhór na dtuismitheoirí sásta leis an eispéireas tosaigh a bhí acu leis an bhfoireann le linn dóibh iarratas a dhéanamh ar an Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora. Dúirt tuismitheoirí gur mhothaigh siad faoi bhrú nuair a chas siad le foireann RGST agus go raibh moill aisteach i gceist nuair a bhí éilimh á bpróiseáil. Tagraíodh d'easpa faisnéise nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar éilimh mar ábhar deacrachta le linn a bheith ag déileáil leis an eagraíocht, le cois neamhábaltacht na heagraíochta comhaltaí foirne ar leith a chur ag obair le tuismitheoirí ar leith;

- Dúradh go raibh na rialacháin a bhain le rialú sochar arna mhaoiniú ag RGST casta agus go gcuirfidís mearbhall ar dhuine. I measc na nithe a chur mearbhall ar dhaoine bhí leibhéal na dtairseach atá nasctha le sochair, agus an tionchar a bhí ag obair thréimhsiúil ar shochair, rud a chur stop le daoine leas a bhaint as deiseanna oiliúna, oideachais nó fostaíochta. Measadh nach raibh na leibhéil tairseach don scéim fhorlíontach cíosa feiliúnach do choinníollacha an mhargaidh áitiúil;

- Tá ról suntasach ag na Comhairlí Cathrach agus Contae, mar údaráis tithíochta, i saol a lán de na rannpháirtithe. Cé go raibh an méid a dúirt na tuismitheoirí faoin dá chomhairle dearfach, bhí cúpla cás diúltach ann freisin. Dhírigh na heispéiris dhiúltacha ar neamhthoilteanas roinnt comhaltaí foirne eolas cruinn a thabhairt do thuismitheoirí, agus ar bhonn níos ginearálta, easpa gairmiúlachta maidir le déileáil le tuismitheoirí;

- D'idirghníomhaigh na rannpháirtithe le raon eagraíochtaí eile san earnáil stáit agus san earnáil dheonach, lena n-áirítear soláthraithe oideachais tríú leibhéal, ionaid acmhainní teaghlaigh, tionscadail áitiúla oideachais, tionscadail forbartha pobail, cuideachtaí forbartha tuaithe, eagraíochtaí tithíochta agus Cumann Naomh Uinseann de Pól. Bhí eispéiris dhearfacha ag na tuismitheoirí a bhí i mbun oibre leis na heagraíochtaí seo. Sholáthair a leithéid d'eagraíochtaí raon tacaíochtaí, idir sheirbhís eolais, thacaíocht shóisialta, chúnamh airgid agus deontais ghnó;

- D'aithin tuismitheoirí roinnt deacrachtaí a bhí ag na heagraíochtaí ar fad atá ag soláthar seirbhísí ar féidir leo leas a bhaint astu, idir sheirbhísí reachtúla agus sheirbhísí dheonacha. I measc na ndeacrachtaí seo bhí tuiscint cheart ar chuid de na heagraíochtaí ar cuireadh ceisteanna fúthu – ní raibh trácht cloiste ag cuid de na tuismitheoirí ar an heagraíochtaí riamh agus bhí tuismitheoirí eile in amhras faoi nó aineolach maidir le hobair na n-eagraíochtaí seo. Thagair tuismitheoirí eile, i gceantair thuaithe go háirithe, easpa soláthar seirbhíse go ginearálta mar fhachtóir suntasach den saol laethúil. Tharraing tuismitheoirí eile fós aird ar luach poitéinsiúil na n-eagraíochtaí atá ag obair i dteannta a chéile chun seirbhís atreoraithe a sholáthar do thuismitheoirí.

6. Tuairimí na nGníomhaithe Náisiúnta Beartas agus Soláthraithe Seirbhísí Áitiúla ar Eisiamh Sóisialta agus Riachtanais an Mhargaidh Fostaíochta do Thuismitheoirí Aonair

Dhírigh agallaimh le lucht déanta beartas agus soláthraithe seirbhíse ar eolas a chruthú maidir le conas freagairt ar bhealach samhlaíoch don mhargadh fostaíochta agus riachtanais an eisiata sóisialta i measc tuismitheoirí aonair. Lena chois sin, dhírigh na hagallaimh ar rochtain a fháil ar eolas gníomhaithe áitiúla náisiúnta agus áitiúla ar thionchair, dearadh agus cur i bhfeidhm beartaithe na dtograí Rialtais. Tríd is tríd, rinneadh 23 agallamh le 29 gníomhaí a d'áirigh raon gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla, reachtúla agus deonacha, atá páirteach san obair a bhaineann le beartais a chur le chéile nó seirbhísí a chur ar fáil dóibh siúd ar tuismitheoirí aonair iad. Tarraingíonn na hagallaimh aird ar roinnt ceisteanna a bhaineann leis na tograí reatha Rialtais dóibh siúd ar tuismitheoirí aonair iad. Ar leibhéal náisiúnta, thug gníomhaithe le fios go raibh tograí RGST (2006) bunaithe ar ábhar imní faoi na leibhéil bhochtaineachta a bhí le sonrú i measc daoine ar tuismitheoirí aonair iad agus a dteaghlach. Thug roinnt gníomhaithe neamhreachtúla le fios, áfach, gurb é an bunús geilleagrach taobh thiar de na tograí an príomhábhar imní agus léiríodh imní freisin go mb'fhéidir go gciallódh na tograí go mbeadh na tuismitheoirí aonair ag dul i mbun poist seachas go ndíreodh na tograí ar riachtanais na dtuismitheoirí. Cé gur thug na hoifigigh le fios go mbaineann gnéithe dearfacha den chuid is mó leis i gcás tuismitheoirí agus leanaí, léirigh na gníomhaithe neamhreachtúla níos mó cúraim i ndáil leis an tionchar, trí aird a tharraingt ar an ngá a bhí le seirbhísí a bheith i bhfeidhm roimh na tograí a chur i ngníomh. Ina measc seo ar fad, ní mór suntas faoi leith a thabhairt don smaoineamh ar scéim dheonach a chruthú.

Ar an leibhéal áitiúil, thug na freagairtí le fios go mbaineann poitéinseal áirithe le tograí RGST (2006) má chuirtear i bhfeidhm iad, ar mhaithe le deacrachtaí a bhaineann le soláthar seirbhíse a shárú. I measc na ndeacrachtaí a bhí ann bhí rialacha agus nósanna imeachta ag cur brú ar thuismitheoirí aonair agus eispéiris úsáideoirí seirbhíse daoine aonair laistigh de na heagraíochtaí seo. Ar an ábhar is spéisiúla tá easpa seirbhísí ar leith do thuismitheoirí aonair. Ábhar imní eile freisin ba ea deacrachtaí le rochtain a fháil ar sheirbhísí i gceantair thuaithe dóibh siúd atá ina gcónaí sa Chontae. Cé go ndúirt na gníomhaithe náisiúnta go mbainfeadh tábhacht le próisis chomhoibríocha chun na tograí a chur i bhfeidhm, tugann cuntas áitiúil ar a leithéid de phróisis go dtí seo léargas ar roinnt deacrachtaí a bhí ann, cé gur aithníodh an tábhacht agus an buntáiste a bhain le bheith ag obair i dteannta a chéile.

Príomhthorthaí

- Ba cheart go mbeadh na tograí deonach. Ní grúpa aonchineálach na tuismitheoirí aonair agus ní fheilfidh an beartas céanna do na tuismitheoirí aonair ar fad;

- Ní mór fostaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar. Más fiú do thuismitheoirí dul i mbun oibre, ní mór gur obair ar ardchaighdeán agus obair sholúbtha a bheidh ann ionas gur féidir le tuismitheoirí feidhmiú mar thuismitheoirí agus mar fhostaithe;

- Ní mór soláthraithe seirbhíse, soláthraithe reachtúla go háirithe, a spreagadh lena gcuid seirbhísí a chomhordú d'fhonn freastal ar riachtanais na dtuismitheoirí aonair. Má thugtar tús áite d'oideachas agus d'oiliúint sna tograí seo, ní mór acmhainní a sholáthar d'eagraíochtaí sna réimsí seo ar mhaithe le díriú ar thuismitheoirí aonair trí raon seirbhísí agus idirghabhálacha atá feiliúnach dóibh a chur ar fáil, ag amanna a fheileann do na húsáideoirí seirbhíse. Laghdófaí an brú atá ar thuismitheoirí aonair freisin dá ndíreodh soláthraithe seirbhíse eile ar údaráis tithíochta mar shampla;

- Níl a dóthain acmhainní ag an bpríomhsholáthraí seirbhíse, RGST, ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, chun riachtanais tuismitheoirí aonair a chomhlíonadh. Dúirt gníomhaithe eile go bhfuil bearna eolais ann le linn a bheith ag smaoineamh orthu siúd ar tuismitheoirí aonair iad;

- Tá a lán gníomhaireachtaí reachtúla faoi cheangal rialacha agus rialachán sa mhéid nach féidir leo freagairt do riachtanais daoine aonair i ndálaí eisceachtúla;

- Tá tionchar aimhleasach ag sochair agus liúntais thánaisteacha a aistarraingt ar shaol na dtuismitheoirí aonair agus a leanaí. Bíonn drogall ar a lán tuismitheoirí dul i mbun fostaíochta le pá de bhrí go mbíonn imní orthu go gcaillfidh siad a gcuid sochar;

- Thagair gníomhaithe tuaithe do neamhthoilteanas eagraíochtaí reachtúla seirbhísí a sholáthar i gceantair thuaithe agus neamhábaltacht tuismitheoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí de dheasca deacrachtaí iompair nó feighlíocht leanaí;

- Is iomaí deacracht, cosúil agus éagsúil, nach mór do thuismitheoirí aonair déileáil leo. Tá tionchar ag easpa clár féinmhuiníne agus cothú muiníne ar chumas tuismitheoirí aonair páirt a ghlacadh i seirbhísí agus i ndeiseanna fostaíochta agus oideachais;

- Cé go bhfuil fianaise ann a thugann le fios go bhfuil gníomhaireachtaí éagsúla ag comhoibriú lena chéile; ranna Rialtais ag comhoibriú le soláthraithe áitiúla seirbhíse, baineann go leor deacrachta leis agus ní ghlacann ionadaithe áirithe páirt iomlán sa phróiseas;

- Ní mór iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh soláthar inacmhainne agus inrochtana ar chúram leanaí sa Chathair agus sa Chontae. Fadhb eile nach mór a réiteach é neamhábaltacht údarás áitiúil teaghlaigh a lonnú i gceantair fheiliúnacha a bhfuil tacaíochtaí ar fáil iontu.

7. Plé

Déanann na rannpháirtithe sa staidéar seo cur síos ar na deacrachtaí laethúla a bhíonn le sárú ag tuismitheoirí aonair. Ní mór do phróiseas ar bith a sholáthraíonn oideachas, oiliúint agus/nó fostaíocht na bacainní a bhíonn le sárú ag na rannpháirtithe a chur san áireamh. I measc na mbacainní seo, tá an imní a bhí ar na rannpháirtithe i ndáil le haire a thabhairt dá leanaí. Tá na tuismitheoirí a rinne an taighde seo den tuairim gurb iad féin príomhchúramóirí a leanaí. Ach tá bacainní eile fós ann. Ina measc seo, tá eolas agus tuiscint ar an gcóras leasa shóisialaigh, an gá atá le fostaíocht sholúbtha ar ardchaighdeán, mar aon le cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana, agus an gá atá le féinmhuinín agus féinmheas a fhorbairt.

Príomhthorthaí

Ardmhianta agus Toilteanas dul i mbun Oibre

Dá mbeifeá i mbun fostaíochta le pá, bheifeá cinnte go mbeadh airgead agat agus fachtóir tábhachtach é seo sa mhian atá ag tuismitheoirí a bheith páirteach sa mhargadh fostaíochta. Léirigh na freagróirí, sa suirbhé agus sna hagallaimh, go raibh siad toilteanach páirt a ghlacadh in oideachas, oiliúint agus fostaíocht. Is léir ó na torthaí taighde go mbaineann castacht áirithe leis an aistriú ó bheith ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus a bheith ag obair. Ina ionad sin, tá go leor bacainní le sárú ag tuismitheoirí aonair ionas go mbeidh ar a gcumas dul i mbun fostaíochta nó cúrsa oideachais. Nuair a bhíonn daoine ag labhairt leis na tuismitheoirí seo tá sé riachtanach dálaí an duine aonair a thuiscint mar is ceart, go háirithe na dálaí a bhíonn ag tuismitheoirí aonair agus riachtanais an teaghlaigh.

Tuismitheoirí Aonair

Cé gur dócha le lucht déanta beartas nach mbíonn mórán tionchair aige seo ar thuismitheoirí aonair, is léir ón suirbhé agus ó na hagallaimh le teaghlaigh aontuismitheora go bhfuil sé seo ar cheann de na príomhrudaí a áiríonn tuismitheoirí roimh dhul i mbun cúrsa oideachais nó fostaíochta. Braitheann cinneadh an tuismitheora a bheith páirteach i bhfostaíocht nó oideachas ar an mbeidh tionchar diúltach ag an gcinneadh ar na leanaí. Cé gur mhaith le tuismitheoirí a bheith ag obair, is é a theastaíonn ó thuismitheoirí fostaíocht a chiallaíonn gur féidir leo an aire is fearr agus is féidir a thabhairt do na leanaí.

Sáinn na Bochtaineachta agus Sochair Thánaisteacha

Ní dhéileálfar le bochtaineacht i measc aosach agus leanaí, mar aon le folláine leanaí ach má thagann feabhas ar dhálaí airgeadais an teaghlaigh de thoradh dul ar ais ag obair. É sin ráite, bacainn shuntasach do rannpháirtithe a bheith páirteach in oideachas, oiliúint nó fostaíocht é sáinn fostaíochta agus bochtaineachta (go háirithe i ndáil le Liúntas Cíosa, an Cárta Leighis agus an Liúntas Filleadh ar an Scoil). Tá go leor de rannpháirtithe an staidéir seo sa mhargadh príobháideach cíosa rud a chiallaíonn go bhféadfadh costais bhreise a bheith orthu dá mbeidís i mbun fostaíochta le pá maith.

Easpa Tacaíochtaí

Cuidíonn tacaíochtaí neamhfhoirmiúla ó ghaolta le tuismitheoirí aonair déileáil leis an strus agus na héilimh a bhaineann le haire a thabhairt dá leanaí. Mura bhfuil dlúth-thacaíocht teaghlaigh ar fáil, de dheasca suímh den chuid is mór, uaireanta bíonn tuismitheoirí aonair thíos leis de dheasca an eisiata sóisialta agus a bheith scoite amach. Mura bhfuil a leithéid de thacaíocht ar fáil cuireann sé bac ar chumas – cumas atá teoranta cheana féin – na dtuismitheoirí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí lasmuigh den bhaile. Ciallaíonn sé seo go mbíonn tuismitheoirí níos scoite amach fós mar nach mbíonn na deiseanna céanna ann líonraí sóisialta agus tacaíochta eile a chruthú.

Ganntanas Cúram Leanaí Inacmhainne agus Inrochtana

Níl mórán cleachtaidh ag rannpháirtithe an staidéir seo ar chúram leanaí foirmiúil. Is amhlaidh gur mar seo atá an scéal de dheasca leas a bhaint as socruithe neamhfhoirmiúla cúram leanaí agus deacrachtaí i ndáil le rochtain ar chúram leanaí inacmhainne ar fud na Cathrach agus an Chontae. Cuirtear cosc ar na tuismitheoirí sin nach féidir leo leas a bhaint as socruithe neamhfhoirmiúla fostaíocht a chuardach go dtosaíonn na leanaí ag freastal ar scoil, de bhrí go mbaineann costas rómhór le cúram leanaí. Bunaithe ar thograí reatha, glactar leis go coitianta nach mbeidh mórán tionchair ag cúram leanaí ar chinneadh an tuismitheora dul i mbun fostaíochta, de bhrí go mbeidh na leanaí ag dul ar scoil. Ní dhéantar machnamh ar bith, áfach, ar laethanta saoire scoile agus cad a tharlóidh má bhíonn na leanaí tinn, nó nach mbeidh deiseanna fostaíochta ag teacht le huaireanta scoile.

Easpa Scileanna Feiliúnacha, Taithí Oibre agus Féinmhuinín

Tugann na freagróirí le fios gur mian leo páirt a ghlacadh i mbreisoideachas agus oiliúint sula dtéann siad i mbun fostaíochta le pá. Níl ach rochtain ag tuismitheoirí atá ag cur fúthu sa Chontae ar sheirbhísí den chineál sin. Mar is amhlaidh i gcás fostaíochta, cé go dtugann go leor freagróirí tús áite d'oideachas, ní ghlacfaidh siad páirt ach i gcúrsaí oiliúna atá ar fáil dóibh ag am a fheileann dóibh agus dá leanaí, agus bíonn an tóir is mó ar chúrsaí páirtaimseartha a bhíonn ar siúl go háitiúil nuair a bhíonn na leanaí ar scoil. De bhrí nach raibh taithí oibre cuí ag rannpháirtithe áirithe a bhí i mbun cúrsaí oideachais agus oiliúna le gairid, níor éirigh leo fostaíocht chuí a aimsiú.

Easpa Eolais maidir le Seirbhísí agus Teidlíochtaí

Bhí tuismitheoirí den tuairim go raibh sé sách deacair a bheith ag déileáil le gníomhaireachtaí, de bhrí nach mbíonn fonn ar ghníomhaireachtaí eolas a thabhairt maidir le teidlíochtaí agus seirbhísí. Is cosúil go bhfuil an duine féin freagrach as eolas a fháil faoi na seirbhísí agus na teidlíochtaí atá ar fáil dóibh. Measann tuismitheoirí go bhfuil na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le seirbhísí agus teidlíochtaí thar a bheith casta. Ciallaíonn easpa eolais nach mbíonn ar chumas tuismitheoirí iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna éagsúla atá ar fáil dóibh, mar aon leis an imní a bhaineann le sochair a chailleadh. Tá an cód leasa thar a bheith casta agus ní fusa é a thuiscint, go háirithe i ndáil leis an méid a tharlaíonn nuair a théann duine atá ag fáil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus sochair thánaisteacha i mbun fostaíochta le pá. Má tá bearta gníomhachtúcháin le cur i bhfeidhm caithfidh gníomhaireachtaí a bheith níos réamhghníomhaí le linn eolas a chur ar fáil ar bhealach atá éasca le tuiscint.

Easpa Seirbhísí Sonracha do Thuismitheoirí Aonair

I láthair na huaire, áirítear a lán seirbhísí do thuismitheoirí aonair i dteannta le spriocghrúpaí eile. Cé go ndúirt rannpháirtithe áirithe go raibh eispéireas dearfach acu le linn dóibh a bheith ag déileáil le soláthraithe seirbhíse sa réimse reachtúil, dúirt formhór na rannpháirtithe gur bhain deacrachtaí le bheith ag déileáil leo. Mar a cuireadh in iúl cheana féin, bíonn easpa féinmhuiníne agus féinmheas íseal le brath i measc a lán rannpháirtithe.

I gcásanna áirithe, áfach, dúradh go raibh pearsanra a bhí ag obair le soláthraithe seirbhíse a fhreastalaíonn ar thuismitheoirí aonair deacair le déileáil leo, míchúirtéiseach agus míghairmiúil, rud a d'imir tionchar diúltach ar leibhéal muiníne tuismitheoirí.

Uaireanta ní bhíonn fonn ar dhaoine dul chomh fada le hoifigí reachtúla, agus cé gur fhreastail gníomhaireachtaí áirithe ar thuismitheoirí aonair le gairid, tá feabhas mór ag teastáil fós. Is minic go mbíonn tionchar fadtréimhseach ag droch-eispéireas amháin le hionadaí ó ghníomhaireacht amháin ar fhreagróirí, rud a chiallaíonn go mbíonn drogall orthu eolas a lorg ón ngníomhaireacht sin arís.

Easpa Fostaíocht Solúbtha, Ar Ardchaighdeán agus le hÍocaíocht Mhaith

Bhí 315 de na freagróirí a rinne an suirbhé seo sa tóir ar fhostaíocht le 12 mhí anuas. Go ginearálta, tá go leor daoine atá ag obair agus ag fáil Íocaíocht Teaghlach Aonair ar phá íseal, agus ag obair go páirtaimseartha. Glactar leis an ngné íseal pá ar mhaithe leis an tsolúbthacht a bhaineann le hobair pháirtaimseartha. Cé go bhfeileann socrú mar sin do thuismitheoirí aonair, mhothaigh go leor daoine nach raibh dóthain le déanamh acu nuair a bhí siad san ionad oibre. Tharraing an taighde seo aird ar an bpointe go bhfuil easpa fostaíocht solúbtha ar cheann de na príomhbhacainní atá le sárú ag tuismitheoirí aonair, rud a chiallaíonn go mbeidh méadú sna leibhéil ioncaim. D'aithin soláthraithe seirbhíse a cuireadh faoi agallamh na deacrachtaí a bheidh le sárú ag tuismitheoirí chun fostaíocht sholúbtha, ar ardchaighdeán agus ar phá maith a fháil, mar aon le fostaíocht pháirtaimseartha agus a fheileann don teaghlach. Beidh níos mó deacrachta fós ag tuismitheoirí atá lonnaithe i gceantair thuaithe agus a bhfuil gnéithe cosúil le córas iompair, líonraí inrochtana cúram leanaí agus tacaíochta ag déanamh imní dóibh freisin.

8. Moltaí

Bunaithe ar na torthaí agus an plé atá déanta, is mian leis an bhfoireann taighde na moltaí seo a leanas a dhéanamh:

Tuismitheoireacht

- Bunaithe ar thograí reatha beartais, molaimid gur córas deonach a bheidh sa phróiseas gníomhachtúcháin. Is féidir go ndéanfadh próiseas gníomhachtúcháin atá bunaithe ar fhostaíocht damáiste do cheann de na foirmeacha teaghlaigh is mó atá i mbaol bochtaineachta agus eisiata sóisialta i sochaí na hÉireann. Tá tuismitheoirí aonair ag iarraidh a gcuid scileanna a fheabhsú chun dul i mbun fostaíochta le pá, ach tá tuismitheoirí áirithe níos ullmhaithe ná a chéile. Cé go bhfuil a lán tuismitheoirí réidh le tús a chur leis an bpróiseas gníomhachtúcháin, níl tuismitheoirí eile. Má chuirtear brú orthu dul i mbun fostaíochta le pá sula mbíonn siad ullamh, bainfear an bonn den ról atá acu mar príomhchúramóirí, cuirfear leis na leibhéil ísle féinmheasa agus déanfar damáiste do sheasmhacht an aonaid teaghlaigh.

- Fiú amháin má leantar le tograí beartais ar bhonn éigeantach, molaimid nár cheart a leithéid a chur i bhfeidhm go mbeidh na meicníochtaí ar fad le tacú leis na tograí bunaithe. Dá gcuirfí na tograí seo i bhfeidhm faoi láthair, d'fhéadfaí an bonn a bhaint den phróiseas gníomhachtúcháin. Ní mór do ghníomhachtaithe náisiúnta beartas acmhainní a sholáthar agus nósanna imeachta a bhunú do sholáthraithe áitiúla seirbhíse chun iad féin a ullmhú leis an tsraith tograí seo a chur i bhfeidhm.

- Is ceart tús a chur leis an bpróiseas gníomhachtúcháin trí sheasamh an duine aonair agus riachtanais tuismitheoireachta gach Teaghlach Aontuismitheora. Ní mór tús a chur leis an bpróiseas gníomhachtúcháin trí dhéileáil le riachtanais agus mianta féinaitheanta an tuismitheora ag féachaint d'oideachas agus d'fhostaíocht. Ní mór go n-áireofaí na riachtanais agus na mianta seo fad a bheidh an próiseas gníomhachtúcháin á chur i bhfeidhm.

Sáinn Bhochtaineachta

- Féadfaidh an Scéim Cóiríochta Cíosa foráil a dhéanamh do thuismitheoirí aonair trí thithíocht shábháilte agus bhuan a thabhairt dóibh ionas nach mbeidh an margadh príobháideach cíosa ag cur isteach orthu. Molaimid go gcuirfear an scéim i bhfeidhm a luaithe agus is féidir ionas gur fusa freastal ar na grúpaí leochaileacha sin a dteastaíonn tithíocht bhuan uathu.

- Molaimid gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an ngaol atá idir sochair agus teidlíochtaí i ndáil le sáinn bhochtaineachta a thionscnamh, mar aon le cur chuige solúbtha i ndáil le riaradh na sochar tánaisteach idir an dá linn.

- Ní mór go ndéanfar iniúchadh ar na sochair atá á bhfáil ag tuismitheoirí aonair ag tús an phróisis ghníomhachtúcháin d'fhonn a chinntiú nach bhfuil costais bhreise orthu de dheasca dul i mbun fostaíochta le pá.

Tacaíochtaí do thuismitheoirí aonair

- Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar thús a chur le cláir idirghabhála d'fhonn cabhrú le tuismitheoirí aonair déileáil leis na héilimh thuismitheoireachta trí chur lena gcumas agus féinfhorbairt a dhéanamh, go háirithe, i gcás tuismitheoirí óga ar thit an caidreamh pearsanta a bhí acu le duine éigin ó chéile.

- Molaimid gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar an gceist a bhaineann le tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh aontuismitheora i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, le béim ar leith ar leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag scaradh óna chéile de bhrí go bhfuil deireadh le pósasdh nó caidreamh fadtréimhseach.

- Molaimid go mbunófaí grúpa áitiúla tacaíochta ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe mar gur foinse neamhfhoirmiúil tacaíochta a bheadh ann ionas go mbeadh tuismitheoirí aonair in ann tacú lena chéile gan breithiúnas a thabhairt agus i dtimpeallacht dhearfach.

- Is ceart scrúdú a dhéanamh ar na hidirghabhálacha foirmiúla tacaíochta teaghlaigh atá ar fáil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi láthair, ag féachaint don mhéid is féidir le soláthraithe áitiúla seirbhíse a dhéanamh d'fhonn cur leis na tacaíochtaí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla atá ar fáil do Theaghlaigh Aontuismitheora.

Oideachas, scileanna agus taithí oibre

- Molaimid gur cheart cur le cúlra aonair oideachais, oiliúna agus fostaíochta na ndaoine atá páirteach sa phróiseas gníomhachtúcháin. San áireamh san obair seo, beidh láidreachtaí reatha a aithint agus obair le tuismitheoirí d'fhonn teacht ar na réimsí a dteastaíonn oiliúint nó scileanna nua iontu d'fhonn a chinntiú gur féidir an cineál fostaíochta a theastaíonn a fháil.

- Molaimid go mbeadh na cúrsaí oideachais agus oiliúna do thuismitheoirí aonair dírithe ar fhorbairt phearsanta agus acmhainn an duine a fhorbairt, mar aon le tacú le daoine aonair sa ról atá acu mar thuismitheoirí.

- Molaimid gur cheart do sholáthraithe oideachais agus oiliúna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le socrúchán oibre a áireamh sa chúrsa nó tréimhse mhaoirsithe taithí oibre le linn an obair chúrsa a chríochnú, gné a chabhródh le daoine aonair sa ról atá acu mar thuismitheoirí.

- Cé go dtuigimid go bhfuil teorainn ar acmhainní, ní mór do sholáthraithe áitiúla seirbhíse díriú ar riachtanais oideachais agus oiliúna na ndaoine atá ag cur fúthu i gceantair thuaithe, agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí níos cruthaithí chun cúrsaí atá bunaithe go háitiúil a chur ar fáil sna ceantair seo.

Cúram leanaí agus riachtanais déagóirí

- Ní mór go dtuigfeadh baill agus cairde teaglaigh tuismitheoirí aonair atá páirteach cheana féin i soláthar cúram leanaí neamhfhoirmiúil, nó atá ag smaoineamh ar a leithéid, conas clárú mar fheighlí leanaí agus na himpleachtaí cánach agus sochar a bhaineann lena leithéid.

- Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí airgeadais cúram leanaí a chuireann soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fáil, agus a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le méaduithe praghais sa chúram leanaí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.

- Is ceart áiseanna breise inacmhainne pobalbhunaithe a fhorbairt i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.

- Is ceart machnamh a dhéanamh ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha le cúram a sholáthar lasmuigh den bhaile do leanaí níos óige agus déagóirí a fhorbairt i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Ba cheart gníomhaíochtaí iarscoile agus gníomhaíochtaí i rith saoire scoile a áireamh.

Eolas

- Molaimid gur cheart leabhrán a chur i dtoll a chéile leis an eolas cuí ann a theastóidh ó thuismitheoirí aonair – eolas maidir le sochair, teidlíochtaí, deiseanna oideachais agus oiliúna – mar aon leis an tacaíocht atá ar fáil d'fhonn páirt a ghlacadh sa mhargadh fostaíochta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Bheadh eolas le fáil i leabhrán den chineál seo faoi na gníomhaireachtaí ar fad atá ag obair le tuismitheoirí aonair, lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí ríomhphoist, láithreáin ghréasáin agus uimhreacha teileafóin. Is ceart cóip den leabhrán seo a sheoladh chuig gach duine atá ag fáil ÍTA faoi láthair agus is ceart do RGST cóip den leabhrán a thabhairt d'éilitheoirí nua nuair a thagann siad chun an chéad agallamh a dhéanamh.

- Ba cheart go mbeadh cuntas agus samplaí soiléire maidir le ÍTA agus sochair thánaisteacha le fáil sa leabhrán seo – íocaíochtaí agus sochair a bheidh le cur san áireamh má fhilleann tuismitheoir ar an obair.

- Molaimid gur cheart tairseach idirlín a bhunú ionas gur féidir le tuismitheoirí aonair teacht ar eolas reatha, go héasca, faoi raon seirbhísí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, seirbhísí deonacha agus reachtúla, agus go ndéantar poiblíocht ar an eolas seo freisin.

- Molaimid gur cheart seicliosta faoin eolas agus faoin bpáipéarachas ar fad a theastaíonn, a thabhairt do dhaoine faoi shochair agus teidlíochtaí, ionas go mbeidh ar a gcumas an próiseas iarratais a thabhairt chun críche.

- Tharraing an taighde aird ar an gcostas mór a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí ar an teileafón, molaimid do ghníomhaireachtaí smaoineamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le huimhreacha saorghlao nó seirbhís téacs a chur ar fáil ionas gur féidir leis an ngníomhaireacht teagmháil a dhéanamh leis an duine i gceist.

Fostaíocht a thacaíonn le Teaghlaigh

- Molaimid gur cheart d'fhostóirí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, mar aon lena n-ionadaithe, leas a bhaint as na próisis atá luaite ag Coiste ROPE.

- Ba cheart dul i gcomhairle le fostóirí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe ar mhaithe le tuiscint a fháil ar an éileamh atá ar obair sholúbtha pháirtaimseartha agus conas is féidir cuidiú leo a leithéid d'obair a chur ar fáil do thuismitheoirí ar spéis leo a leithéid.

- Molaimid gur cheart do ROPE scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tús a chur le clár píolótach fostaíochta le príomhfhostóir sa cheantar áitiúil nó fostóirí níos lú a bhfuil poist sholúbtha pháirtaimseartha acu a d'fheilfeadh do thuismitheoirí aonair.

Soláthar Seirbhíse

- Molaimid gur cheart oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne tosaigh a bhíonn ag déileáil le tuismitheoirí aonair i gCathair agus i gContae na Gaillimhe d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad riachtanais agus eispéiris na ndaoine a dhéanann teagmháil leo.

- Molaimid gur cheart grúpa tiomnaithe foirne a bhunú chun déileáil le tuismitheoirí aonair sna gníomhaireachtaí sin atá páirteach sa phróiseas gníomhachtúcháin. Chabhródh teagmháil le grúpa den chineál seo le heispéiris tuismitheoirí aonair, mar aon le líonra d'fhoireann tosaigh a bhunú san earnáil reachtúil agus an earnáil dheonach.

- Molaimid gur cheart don bhainistíocht shinsearach sna gníomhaireachtaí sin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe atá ag obair ar mhaithe le agus do thuismitheoirí aonair fóram a bhunú chun eolas a roinnt agus comhoibriú straitéiseach éifeachtach ar mhaithe le seirbhísí agus torthaí a fheabhsú do thuismitheoirí aonair. Ba cheart go mbeadh na heagraíochtaí ar fad páirteach san fhóram seo: eagraíochtaí pobail, deonacha agus reachtúla.